Ag Cur Síos ar an Aimsir



CEISTEANNA

1. **Cad a bhi ar siúl i rang a ceathair?** *(What was going on in fourth class?)*
2. **Cad a thug an múinteoir do gach grúpa?** *(What did the teacher give to each group?)*
3. **An raibh na páistí ag obair le chéile?** *(Were the children working together?)*
4. **Conas atá an aimsir sa chéad phictiúr?** *(How is the weather in the first picture?)*
5. **Conas atá an aimsir inniu?** *(How is the weather today?)*

FOCLÓIR

ceacht *lesson* **cárta** *card*
ag obair le chéile *working together*
scamallach agus dorcha *cloudy and dark*
gaofar *windy*

Réamhaisnéis na hAimsire

CEISTEANNA

Ceist nua *An mbeidh? Beidh/Ní bheidh*

1. **Conas a bheidh an lá amárach?** *(How will the day be tomorrow?)*
2. **An mbeidh sé tirim nó fliuch?** *(Will it be dry or wet?)*
3. **An mbeidh sé geal nó dorcha?** *(Will it be bright or dark?)*
4. **An mbeidh sé ag cur báistí?** *(Will it be raining?)*
5. **An mbeidh an aimsir mar seo don bhliain ar fad?** *(Will the weather be like this for the whole year?)*

FOCLÓIR

réamhaisnéis na haimsire *weather forecast*
beidh sé *it will be* **geal** *bright*
ní bheidh sé *it will not be*
mar seo don tseachtain *like this for the week*

An Fómhar

Is breá liom an fómhar. Is breá liom an aimsir agus na dathanna áille.
Ní bhíonn an aimsir róthuar agus bíonn sé geal.
Bíonn na duilleoga ag titim agus téann an ghráinneog a chodladh.
Bíonn na hoícheanta ag dul i bhfad.
Is aoibhinn liom an trá san fhómhar.
Bíonn sí ciúin, níl sí dubh le daoine.
Is maith liom a bheith ag siúl san fhómhar.

CEISTEANNA

1. **Cén séasúr atá ann?** *(What season is it?)*
2. **Conas a bhíonn an aimsir san fhómhar?** *(What is the weather like in autumn?)*
3. **Cé a théann a chodladh?** *(Who goes to sleep?)*
4. **An mbíonn na laethanta ag dul i bhfad?** *(Do the days get longer?)*
5. **Conas atá an trá san fhómhar?** *(How is the beach in autumn?)*

FOCLÓIR

duilleoga *leaves* **gráinneog** *hedgehog*
na hoícheanta *the nights* **ag dul i bhfad** *getting longer*
is aoibhinn liom... *I love...* **dubh le daoine** *crowded*

Éadaí Tirime

Bhí Cormac agus Conor ag siúl abhaile
ón scoil.
Go tobann, tháinig scamaill mhóra dhubha.

Thosaigh sé ag stealladh báisti.
Rith siad abhaile ar nós na gaoithe.

Bhí na héidí scoile fliuch go craiceann.
'Rithigi suas an staighre agus cuirigi éadaí
tirime oraibh,' arsa Mamaí.

Shiúil siad síos an staighre ina gcuid
pitséamaí.
Bhí siad tirim agus te ansin.

CEISTEANNA

1. **An raibh Cormac agus Conor ag siúl go dtí an siopa?**
   (Were Cormac and Conor walking to the shop?)
2. **Cad a tharla go tobann?** *(What happened suddenly?)*
3. **Ar rith siad abhaile go mall nó go tapaidh?**
   (Did they run home slowly or quickly?)
4. **Cad a dúirt Mamaí?** *(What did Mammy say?)*
5. **Ar shiúil siad suas an staighre ina gcuid pitséamaí?**
   (Did they walk up the stairs in their pyjamas?)

FOCLÓIR

éadaí tirime *dry clothes*
abhaile ón scoil *home from school*
go tobann *suddenly*
scamaill *clouds* **ag stealladh báisti** *lashing rain*
ar nós na gaoithe *as fast as the wind*
fliuch go craiceann *soaked to the skin*

Lá Sneachta

Bhí an sneachta ag titim go trom taobh amuigh.
'Cá bhfuil Bongo?' arsa Áine.
'Níl a fhios agam,' a d'fhreagair Mamaí.

Chuaigh Mamaí agus Áine dá lorg.
D'fhéach siad sa teach, ní raibh sí ann.

D'fhéach siad sa ghairdín, ní raibh sí ann.

D'fhéach Mamaí sa gharáiste. Bhí Bongo ina codladh faoi na seanbhlaincéid!

CEISTEANNA

1. **Cén saghas aimsire a bhí ann?** *(What was the weather like?)*
2. **Cé a chuaigh ag lorg Bongo?** *(Who went looking for Bongo?)*
3. **Cár fhéach siad ar dtús?** *(Where did they look first?)*
4. **An raibh sí ann?** *(Was she there?)*
5. **Cá raibh sí?** *(Where was she?)*

FOCLÓIR

ag titim *falling* **go trom** *heavily*
dá lorg *looking for her*
ní raibh sí ann *she wasn't there*
faoi na seanbhlaincéid *under the old blankets*


Chuala mé an Ghaoth
Chuala mé an ghaoth,
Ag bualadh na bhfuinneog.
Ag cnagadh ar an doirse.
Ag séideadh na nduilleog.
Chuala mé an ghaoth,
Ag luascadh na gcrann,
Ag leagan na slinnte,
Anuas ón díon.
Chuala mé an ghaoth,
An oíche go léir,
Ag séideadh na
fearthainne,
Tríd an aer.
Le Colm Mac Lochlainn
GNÍOMH
Léigh agus foghlaim an dán. (Read and learn the poem.)
FOCLÓIR
ag bualadh hitting
ag cnagadh knocking
ag luascadh swinging
na slinnte the slates
díon roof
ag séideadh na fearthainne blowing the rain

Ag Obair sa Ghairdín

An Satharn a bhí ann. Bhí sé geal agus tirim.
Bhí Mamaí ag féachaint amach an fhuinneog.
Bhí an gairdín trína chéile tar éis na drochaimsire.

Chuaigh an chlann amach sa ghairdín.
Thóg Daidí an lomaire faiche amach agus bhain sé an féar.
Chuir Mamaí lámhainní uirthi agus phioc sí na fiailí.
Bhailigh na páistí an bruscar agus chuir siad isteach sa mhála é.

Bhí an gairdín go hálainn.

CEISTEANNA

1. **Cén lá a bhí ann?** *(What day was it?)*
2. **An raibh Mamaí ag féachaint amach an doras?** *(Was Mammy looking out the door?)*
3. **Conas a bhí an gairdín?** *(How was the garden?)*
4. **Cad a rinne Daidí?** *(What did Daddy do?)*
5. **Cad a rinne na páistí?** *(What did the children do?)*

FOCLÓIR

trína chéile *in a mess*
drochaimsir *bad weather*
lomaire faiche *lawnmower*
fiailí *weeds*